AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2024
COM(2024) 561 final

2024/0311 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2014/32/AE a mhéid a bhaineann le trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha, dáileoirí gáis chomhbhrúite agus méadair fuinnimh leictreachais, gháis agus theirmigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is leasú teicniúil spriocdhírithe é an togra seo ar Threoir 2014/32/AE maidir le hUirlisí Tomhais[1] (‘TUT’). Bunaíodh an raon feidhme agus na ceanglais fhíor-riachtanacha ghaolmhara a chumhdaítear le TUT cheana féin le Treoir 2004/22/CE[2], ar athmhúnlú di é TUT. Dá bhrí sin, tá siad gan athrú ar feadh níos mó ná 20 bliain. Ciallaíonn sé sin nach gcumhdaítear le TUT uirlisí tomhais nua atá riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach[3]. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha agus dáileoirí gáis chomhbhrúite (e.g. hidrigin agus gás nádúrtha) agus méadair fuinnimh theirmigh le haghaidh feidhmeanna fuaraithe. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le méadair leictreachais agus gháis, ní thugann TUT aghaidh ar ról méadaitheach an digitithe (méadrú cliste) ná ar úsáid gás nua (amhail hidrigin nó gáis in-athnuaite eile mar roghanna malartacha ar gháis níos traidisiúnta) a sholáthraítear do theaghlaigh.

Mar thoradh air sin, meastar go dtiocfaidh reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla chun cinn agus, dá bhrí sin, go mbeidh ilroinnt sa mhargadh aonair mar thoradh ar easpa ceanglais chomhchuibhithe maidir le catagóirí áirithe uirlisí tomhais. Bíonn costais níos airde ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar thomhaltóirí mar thoradh ar ilroinnt den sórt sin. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le moilleanna ar chur i bhfeidhm céimneach teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach d’aistriú dúbailte glas agus digiteach gheilleagar an Aontais.

Thairis sin, tá roinnt ceanglais fhíor-riachtanacha de chuid TUT nach bhfuil neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a thuilleadh (e.g. ceanglais taispeána) lena gcuirtear cosc ar úsáid réiteach nua-aimseartha agus ar na tairbhí a bhaineann leo ó thaobh áisiúlachta agus cosanta do thomhaltóirí.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus chun tuilleadh ilroinnte sa mhargadh aonair a sheachaint, tá gá le leasú teicniúil spriocdhírithe ar TUT.

Déantar foráil sa togra seo maidir le nuashonrú teoranta ar raon feidhme TUT (lena n-áirítear ceanglais fhíor-riachtanacha nua chun an raon feidhme méadaithe sin a chumhdach) agus nuashonrú teoranta ar roinnt ceanglas fíor-riachtanach maidir le méadair leictreachais agus gháis.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Ní dhéanann an togra difear d’infheidhmeacht reachtaíochta eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le huirlisí tomhais.

---

[1] Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 149, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/32/oj?locale=ga).

[2] Treoir 2004/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le huirlisí tomhais (IO L 135, 30.4.2004, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2004/22/oj?locale=ga).

[3] COM(2019) 640 final.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach agus comhlántach le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais atá ann cheana, go háirithe an Creat Reachtach Nua.

Cuideoidh an togra le dlús a chur leis an aistriú dúbailte glas agus digiteach i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Nua Tionsclaíche don Eoraip.[4]

Rannchuideoidh sé freisin le cur chun feidhme rathúil an Rialacháin maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR)[5], ar réamhriachtanas é chun soghluaisteacht ghlan a leathadh amach, agus Threoir (AE) 2023/1791 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.[6]

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le hAithris (62) de TUT, is fearr is féidir cuspóirí TUT a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

Cruthaíonn córais rialála éagsúla sna Ballstáit neamhréireachtaí sa mhargadh aonair. Gineann siad costais bhreise agus ualach riaracháin breise; agus cruthaíonn siad bacainní ar shaorchúrsaíocht uirlisí tomhais.

Ní féidir comhchuibhiú a dhéanamh ar na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha, dáileoirí gáis chomhbhrúite, méadair fuinnimh theirmigh le haghaidh feidhmeanna fuaraithe; agus méadair chliste, agus ar an gcaoi sin saorghluaiseacht na méadar sin a áirithiú, a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais.

Gan gníomhaíocht ón Aontas, leanfaidh an margadh aonair de bheith ilroinnte, rud a fhágfaidh go mbeidh ceanglais éagsúla ann maidir leis na huirlisí tomhais sin ar fud an Aontais trí reachtaíocht náisiúnta atá ag teacht chun cinn.

Dá bhrí sin, dá gcruthófaí creat rialála comhchuibhithe le haghaidh na n-uirlisí tomhais sin, sheachnófaí teacht chun cinn córas rialála éagsúil ar fud an Aontais, rud a chuirfeadh feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh aonair.

---

4 COM(2020) 102 final agus (COM(2021) 350 final

5 Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 1, https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/1804/oj?locale=ga).

6 Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj?locale=ga).

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a áirithiú agus, an tráth céanna, ceanglais chomhchuibhithe a sholáthar maidir le trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha, dáileoirí gáis chomhbhrúite, méadair fuinnimh theirmigh le haghaidh feidhmeanna fuaraithe agus ceanglais úrscothacha maidir le méadair chliste leictreachais agus gháis.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é gur Treoir é an gníomh dlí atá le leasú, is iomchuí go mbeadh an gníomh leasaitheach san fhoirm chéanna.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá meastóireacht á déanamh ag an gCoimisiún ar Threoir 2014/31/AE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite[7] (UNUM) agus TUT a chur ar fáil ar an margadh. Gan teacht roimh thoradh na meastóireachta sin, is leasú teicniúil ar TUT é an togra seo chun é a chur in oiriúint don dul chun cinn teicneolaíoch, ós rud é nach gcumhdaítear uirlisí tomhais nua leis an Treoir agus nach bhfuil sí neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a thuilleadh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ullmhaíodh an togra seo agus obair an Chomhair Eorpaigh sa Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil ('WELMEC') á cur san áireamh, ar obair í lena dtugtar le chéile údaráis náisiúnta an Aontais agus CSTE atá freagrach as an méadreolaíocht dhlíthiúil.

Tugadh cuireadh do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara ábhartha eile freastal ar chruinniú urghnách den Mheitheal um Uirlisí Tomhais[8] maidir leis an ábhar an 11 Eanáir 2024. Iarradh orthu rannchuidiú leis an obair sin trí bharúlacha a sheoladh roimh an gcruinniú agus ina dhiaidh. Tugadh cuireadh do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara ábhartha eile freastal ar chruinniú urghnách den Mheitheal um Uirlisí Tomhais an 12 Meán Fómhair 2024 freisin. Iarradh orthu rannchuidiú leis an togra sin trí bharúlacha a sheoladh roimh an gcruinniú agus ina dhiaidh.

An 20 Meán Fómhair 2024, foilsíodh glao ar fhianaise ar an ardán '*Cloisimis uait*[9]' inar iarradh ar aon pháirtí leasmhar aiseolas a thabhairt go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2024. Sa chomhthéacs sin, fuair an Coimisiún 53 aighneacht:

---

7 Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 107, https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/31/oj?locale=ga)

8 An Mheitheal um Uirlisí Tomhais (E01349): https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&groupID=1349

9 Uirlisí tomhais – nuashonrú teicniúil ar rialacha an Aontais (europa.eu)

– 5 cinn ó údaráis phoiblí,

– 35 cinn ó ghnólachtaí agus comhlachais ghnó, agus

– 13 cinn ó dhaoine eile.

Deimhníodh sna haighneachtaí a fuarthas na saincheisteanna a shainaithin an Coimisiún roimhe seo, go háirithe an gá atá le ceanglais fhíor-riachtanacha nuashonraithe lena dtacaítear le leathadh amach méadar cliste, an gá atá le tagairt shainráite a dhéanamh, in Iarscríbhinn V a ghabhann le TUT, don Sruth Díreach chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh, an gá atá le ceanglais mhéadreolaíocha a chomhchuibhiú maidir le stáisiúin athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha ar leibhéal an Aontais, agus an iarraidh ar fheidhmeanna fuaraithe a chomhtháthú le hIarscríbhinn VI a ghabhann le TUT.

- **Measúnú tionchair**

Níl Measúnú Tionchair ag gabháil leis an togra seo, ós rud é nach bhfuil ann ach leasú teicniúil spriocdhírithe ar TUT chun é a chur in oiriúint don dul chun cinn teicneolaíoch.

Le hAirteagal 47 de TUT tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Mar sin féin, tá raon feidhme an chumhachtaithe sin teoranta do leasuithe poncúla ar na hIarscríbhinní a bhaineann go sonrach le huirlisí. Dá bhrí sin, ní áirítear sa TUT cumhachtú iomchuí don Choimisiún na hIarscríbhinní agus raon feidhme TUT a leasú ar bhonn níos ginearálta agus iad a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíoch.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Cuideoidh an togra seo le laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le táirgí a dheimhniú do mhonaróirí, lena n-áirítear FBManna, toisc nach mbeidh orthu ach reachtaíocht chomhchuibhithe amháin de chuid an Aontais a chomhlíonadh seachas aghaidh a thabhairt ar suas le 27 gceanglas náisiúnta éagsúla.

Rachaidh costais táirgthe níos ísle chun tairbhe do thomhaltóirí go hindíreach.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní éilíonn an togra seo acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní athraíonn an togra na socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe dá bhforáiltear sa TUT. Dá réir sin, úsáidfear na sásraí atá ann cheana le haghaidh na n-uirlisí breise freisin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní cheanglaítear doiciméid mhíniúcháin leis an togra seo maidir lena thrasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Áirítear an méid seo a leanas sa togra seo:

- Coigeartuithe teicniúla ar Iarscríbhinn I a ghabhann le TUT maidir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha is infheidhme maidir leis na huirlisí uile a chumhdaítear leis an treoir. Ní dhéanfaidh na coigeartuithe ar an iarscríbhinn seo difear ach amháin do na huirlisí tomhais atá faoi réir an leasaithe theicniúil seo;
- Coigeartuithe teicniúla ar Iarscríbhinn IV a ghabhann le TUT maidir le méadair gháis agus gairis tiontaithe toirte chun úsáid mhéadaithe gás nua agus leathadh amach méadar cliste a chur san áireamh;
- Coigeartuithe teicniúla ar Iarscríbhinn V a ghabhann le TUT maidir le méadair fuinnimh leictrigh ghníomhaigh chun forbairtí teicneolaíocha agus leathadh amach méadar cliste a chur san áireamh;
- Iarscríbhinn Va nua maidir le trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha a chur isteach chun ceanglais fhíor-riachtanacha chomhchuibhithe a áireamh;
- Coigeartuithe teicniúla ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le TUT maidir le méadair fuinnimh theirmigh chun méadair fuinnimh theirmigh le haghaidh feidhmeanna fuaraithe a chur san áireamh;
- Iarscríbhinn VIIa nua a chur isteach maidir le dáileoirí gáis chomhbhrúite maille le ceanglais fhíor-riachtanacha chomhchuibhithe.

2024/0311 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2014/32/AE a mhéid a bhaineann le trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha, dáileoirí gáis chomhbhrúite agus méadair fuinnimh leictreachais, gháis agus theirmigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceann de chuspóirí Threoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] maidir le huirlisí tomhais is ea dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a ráthú. De bhun Airteagal 6 de Threoir 2014/32/AE, ní mór d'uirlisí tomhais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus hiarscríbhinní ábhartha a bhaineann go sonrach le huirlisí a chomhlíonadh.

(2) Bunaíodh an raon feidhme agus na ceanglais fhíor-riachtanacha ghaolmhara a chumhdaítear le Treoir 2014/32/AE cheana féin le Treoir 2004/22/CE[3], ar athmhúnlú í Treoir 2014/32/AE di. Dá bhrí sin, tá siad gan athrú ar feadh níos mó ná 20 bliain. Idir an dá linn, tá uirlisí tomhais nua tagtha chun cinn ar an margadh nach gcumhdaítear le Treoir 2014/32/AE. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha agus dáileoirí gáis chomhbhrúite, rud atá tábhachtach chun soghluaisteacht ghlan a leathadh amach go rathúil. Thairis sin, ní chumhdaítear le Treoir 2014/32/AE méadair fuinnimh theirmigh le haghaidh feidhmeanna fuaraithe. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le méadair leictreachais agus gháis, ní chumhdaítear le Treoir 2014/32/AE úsáid hidrigine agus gás eile is féidir a úsáid mar roghanna malartacha ar gháis níos traidisiúnta, ná ní chumasaítear léi leas iomlán a bhaint as méadrú cliste a bhfuil ról tábhachtach aige maidir le cuspóirí aeráide an

[1] IO C , , lch. .

[2] Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 149, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/32/oj?locale=ga).

[3] Treoir 2004/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le huirlisí tomhais (IO L 135, 30.4.2004, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2004/22/oj?locale=ga).

Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, is iomchuí raon feidhme Threoir 2014/32/AE agus na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun dul chun cinn teicneolaíoch a chur san áireamh.

(3) Níl Iarscríbhinní I, IV, V ná VI a ghabhann le Treoir 2014/32/AE neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a thuilleadh toisc nach soláthraítear leo ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhfhreagraíonn do theicneolaíochtaí nua, lena dtugtar cosaint níos fearr do thomhaltóirí agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a leasú.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/32/AE a leasú chun leathadh amach méadar cliste gáis agus leictreachais agus na huirlisí tomhais nua a chumhdaítear leis na hIarscríbhinní uirlis-shonracha nua a chur san áireamh.

(5) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/32/AE a leasú chun go gcuirfí san áireamh an méadú atá ag teacht ar úsáid hidrigine agus gás eile is féidir a úsáid mar roghanna malartacha ar gháis níos traidisiúnta agus chun go gcuirfí san áireamh leathadh amach méadar gáis cliste.

(6) Ba cheart Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2014/32/AE a leasú chun leathadh amach méadar cliste leictreachais a chur san áireamh.

(7) Ba cheart Iarscríbhinn Va nua a ghabhann le Treoir 2014/32/AE a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le ceanglais fhíor-riachtanacha chomhchuibhithe maidir le córais tomhais i gcomhair trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha.

(8) Ba cheart Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2014/32/AE a leasú chun méadair fuinnimh theirmigh a chuimsiú le haghaidh feidhmeanna fuaraithe chun deimhniú breise na dtáirgí sin a sheachaint ar an leibhéal náisiúnta.

(9) Chun úsáid mhéadaithe a bhaint as gáis chomhbhrúite, amhail hidrigin agus gás nádúrtha, is gá Iarscríbhinn VIIa nua a chur isteach i dTreoir 2014/32/AE maidir le córais tomhais i gcomhair dáileoirí gáis chomhbhrúite.

(10) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon a áirithiú go gcomhlíonann uirlisí tomhais ar an margadh na ceanglais lena ndéantar foráil maidir le hardleibhéal cosanta do leasanna an phobail a chumhdaítear leis an Treoir seo, agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh á ráthú ag an am céanna, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(11) Chun é a chur ar a gcumas do dháileoirí stoc d'uirlisí tomhais a sholáthar, ar stoc é a cuireadh ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo, is gá foráil a dhéanamh maidir le socruithe idirthréimhseacha réasúnacha lenar féidir uirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh agus a chur in úsáid, ar uirlisí iad a cuireadh ar an margadh cheana i gcomhréir le Treoir 2014/32/AE roimh dháta chur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo.

(12) Thairis sin, chun am leordhóthanach a thabhairt do mhonaróirí a dtáirgí a oiriúnú do na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo, is gá freisin foráil a dhéanamh maidir le socruithe idirthréimhseacha réasúnacha lenar féidir uirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh agus a chur in úsáid, ar uirlisí iad a cuireadh ar an margadh i gcomhréir le deimhnithe náisiúnta nó ar

eisíodh deimhniú ina leith faoi Threoir 2014/32/AE roimh dháta chur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo, agus a thiocfaidh faoi raon feidhme Threoir 2014/32/AE ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/32/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2014/32/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na huirlisí tomhais a shainítear in Iarscríbhinní III go XII (‘Iarscríbhinní a bhaineann go sonrach le huirlisí’) a bhaineann le méadair uisce (MI-001), méadair gháis agus gairis tiontaithe (MI-002), méadair fuinnimh leictrigh ghníomhaigh (MI-003), córais tomhais i gcomhair trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha (MI-003a), méadair fuinnimh theirmigh (MI-004), córais tomhais chun cainníochtaí leachtanna seachas uisce a thomhas go leanúnach agus go dinimiciúil (MI-005), córais tomhais i gcomhair dáileoirí gáis chomhbhrúite (MI-005a), uirlisí uathoibríocha meáite (MI-006), tacsaiméadair (MI-007), tomhais ábhair (MI-008), uirlisí toiseacha tomhais (MI-009) agus anailíseoirí gáis sceite (MI-010).’;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo;

(5) Cuirtear isteach Iarscríbhinn Va mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo;

(6) Leasaítear Iarscríbhinn VI i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo;

(7) Cuirtear isteach Iarscríbhinn VIIa mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

1. De mhaolú ar Airteagal 7(2) de Threoir 2014/32/AE, ní chuirfidh na Ballstáit bac ar uirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh ná a chur in úsáid, ar uirlisí iad atá i gcomhréir le Treoir 2014/32/AE sa leagan atá i bhfeidhm an [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an dáta 1 lá roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] agus a cuireadh ar an margadh roimh [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [24 mhí] tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*].

2. De mhaolú ar Airteagal 7(2) de Threoir 2014/32/AE, deimhnithe a eisíodh faoi Threoir 2014/32/AE agus deimhnithe náisiúnta, lena gcumhdaítear uirlisí tomhais a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/32/AE ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] agus a cuireadh ar an margadh roimh [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*], leanfaidh siad de bheith bailí go dtí go rachaidh

a mbailíocht in éag, agus i gcás ar bith tráth nach faide ná [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*].

Airteagal 3

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [*Nóta d'Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta beacht – [12 mhí] tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [*Nóta d'Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta beacht – [24 mhí] tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*